Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA AOIS DHÉANACH

# ARDLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar agus teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith*** **=** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***lag*** = 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc – Mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB) (100 marc)_**

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) An Dara Clár um Fhorleathnú Eacnamaíoch. 5M

(b) Dul i dteagmháil le hÚdarás RTÉ/lena fháil amach cad atá beartaithe acu a dhéanamh le gur féidir na cáintí nó an mhífhaisnéis sin a cheartú. 5M

(c) Rúnaí na Roinne Poist agus Teileagraf. 5M

(d) Duine cúthail/Neirbhíseach/Géilliúil/Ciúin, etc. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Doiciméad A: Deir Lemass go raibh cáintí le linn an chláir teilifíse míthreorach, gan fuaimint agus míthairbheach. Dar leis ba chóir go mbeadh sé mar fheidhm ag RTÉ, go príomha, tacú leis an gClár seachas é a cháineadh, agus, gan aon agó, nárbh fhéidir cáineadh a scaoileadh tharstu gan fhreagairt.

Doiciméad B: Tá Lemass cáinteach faoi dhearcadh Údarás RTÉ i leith polasaí poiblí. Dar leis tá tuiscint an Údaráis ar a neamhspleáchas ón rialtas imithe thar fóir. Níor bhunaigh an rialtas RTÉ ar mhaithe le cuspóir mar sin agus bhí sé ag súil go mbeadh RTÉ ag tacú go hiomlán le polasaí an rialtais.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M

10M

(b) Maidir le cúrsaí a bhain le polasaí poiblí, amhail an Dara Clár um Fhorleathnú Eacnamaíoch, is léir ón **dá dhoiciméad** gur mheas Lemass go mba cheart go mbeadh sé mar fheidhm ag RTÉ "go príomha, tacú leis an gClár" (Doiciméad A) agus nach mór dóibh "tacú go hiomlán le polasaí an rialtais" (Doiciméad B).

Thabharfadh úsáid an fhocail "go príomha" ag Lemass é féin i nDoiciméad A le fios nach raibh sé ag súil go mbeadh smacht iomlán aige ar RTÉ, nach raibh sé ag súil go ngéillfidís do gach rud. Ní raibh sé buartha faoi sceideal na gclár ar RTÉ ar an iomlán, ach ba léir go

raibh frustrachas air mar gheall ar, mar a cheap sé, an claonadh a bhí acu cáineadh a dhíriú i dtreo a rialtais sa mhéad is go "raibh sí dofhulaingthe".

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M
10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Tá fianaise sa dá dhoiciméad gur cheannaire láidir ab ea Lemass, ach d'fhéadfaí argóint nárbh in mar a bhí sé.

Léirítear cumas maith chun cúraimí a dháileadh mar chuid dá scileanna ceannaireachta i nDoiciméad A nuair a iarrann sé ar a Rúnaí cúrsaí a fhiosrú tuilleadh le RTÉ. Nuair a deir sé ag an deireadh go nglacfaidh sé páirt ann, mura ngéilleann Údarás RTÉ ("déileálfaidh mé féin leis") b'fhéidir gur cur chuige díreach praiticiúil an cheannaire láidir atá á thaispeáint aige.

Tá sé soiléir ó Dhoiciméad B nach bhfuil Lemass sásta ligean to RTÉ aon cháineadh maidir le polasaí poiblí a dhíriú ar a rialtas. Is cosúil gur chuir sé é féin in iúl go soiléir don Aire Hilliard agus d'fhéadfaí cruthúnas ar cheannaireacht láidir a bhunú ar an bhfíric gur thuig Hilliard céard lena raibh Lemass ag súil.

Ó dhoiciméad B thabharfadh an nóisean go raibh "scanradh" ar Hilliard nuair a fhaigheadh sé glaoch ó Lemass le fios nach raibh Lemass ina cheannaire spreagúil. Thabharfadh an t-amhras go raibh Lemass "ag basaíocht" ar chuid dá chomhghleacaithe le tuiscint gur chur chuige trodach, bulaíochta a bhí aige – ceannaire láidir b'fhéidir, ach ní ceannaire maith.

*Agus an freagra á mheas ina iomláine, marcáiltear ar scála aistritheach as 10:*

Sármhaith = 9-10 marc
Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc
Go lag = 0-2 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M
10M

(b) Léiríonn an dá dhoiciméad go mbaineann luach le hábhar beathaisnéiseach mar fhoinse staire.

Nóta ina dtugann an Taoiseach Seán Lemass treoir do Rúnaí a Roinne atá i nDoiciméad A. Stíl gonta dhíreach atá ann a thugann léargas dúinn faoi stíl bhainistíochta Lemass. Ní ann d'aon chaolchúis ná nuance ar leith sa téacs, agus mar sin faigheann an staraí léargas soiléir ar smaointeoireacht réitithe fadhbanna agus spreagadh fuinniúil mífhoighneach Lemass. Oireann an doiciméad do theideal na beathaisnéise, "Judging Lemass".

Tagann Doiciméad B ó bheathaisnéis an státseirbhísigh shinsearaigh ón Roinn Poist agus Teileagraf. Déanann Leon Ó Broin cur síos cúramach ar na héifeachtaí a bhain le bheith ag obair faoi Lemass ar "fhear ciúin mar Hilliard". Cruthaíonn roinnt de na focail a roghnaíonn an scríbhneoir chun cur síos a dhéanamh ar Lemass pictiúr ildaite don staraí maidir le pearsantacht an fhir: "bhí bagairt ann"; "chuir sé an méid sin in iúl go soiléir"; bhíodh an "chosúlacht air go mbuaileadh scanradh" ar Hilliard mar gheall ar Lemass; "Táim den tuairim go mbíodh Lemass 'ag basaíocht' roinnt dá chomhghleacaithe"; "d'áitigh Lemass"; "chaithfí a thuiscint"; "ní bheadh aon leisce air".

*Agus an freagra á mheas ina iomláine, marcáiltear ar scála aistritheach as 10:*

Sármhaith = 9-10 marc
Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

***4. Comhthéacsúchán (40 marc)***

Tá **dhá** ghné sa cheist seo:
**Cé chomh mór** agus a thug RTÉ siamsaíocht **agus** cé chomh mór agus a thug sé dúshlán dá lucht féachana?

Siamsaíocht = ceol, coiméide, etc.
Dúshlán = cúrsaí reatha conspóideacha, cláir faisnéise, etc.
Bhí cláir ann chomh maith, ar nós an Late Late Show, a thaispeáin idir shiamsaíocht agus dúshlán.

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.

**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc
**Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Uasmhéid 20 marc MC mura ndéileáiltear ach le haon ghné amháin**

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt.

Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Go dona:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Go lag:*** 2-3 mharc
***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

- (i) Réamhrá oiriúnach ag tabhairt an eolais chúlra agus/nó ag sainmhíniú na dtéarmaí agus ag míniú an chuir chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
- (iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
- (iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
- (v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
- (vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| **Go dona:** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, e.g. tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Go lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***Go han-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815 1870**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Fuascailt na gCaitliceach + Aisghairm an Aontais)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: BEIRT
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 1914**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an méid ar éirigh le Parnell a bhaint amach + an méid ar theip air)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné ó CLG/de hÍde/Yeats
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912 1949**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uas. MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (idirbheartaíocht an Chonartha + téarmaí an Chonartha)

Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (rialtas Mhic Cosgair + rialtas de Valera)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Gaelach + Caitliceach)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840 1966**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (An Bhreatain + na Stáit Aontaithe)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: TRÍ ghné (oideachas + sláinte + tithíocht)
Mura dtugtar ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50 Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cén chaoi ar bhris "na Trioblóidí" amach + cén fáth ar mhair siad chomh fada sin?)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné as TRÍ cinn le roghnú
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Freagair ceist amháin as **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815 1871**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (córas Metternich + srian a choinneáil ar athruithe)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: BEIRT (Mazzini + Bismarck)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (talmhaíocht + tionsclaíocht)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871 1920**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (láidreachtaí Bismarck + na laigí a bhí aige)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (géarchéim eacnamaíochta + tionchar cogaidh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (forbairt thionsclaíoch + conas a chuaigh an fhorbairt sin i gcion ar an tsochaí)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920 1945**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (fadhbanna na Fraince + cé chomh maith agus a réitíodh iad)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945 1992**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cén fáth ar ghluais an Eoraip i dtreo na haontachta + cé chomh mór agus a ghluais sí)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cad ba chúis le roinnt na Gearmáine + Beirlín mar lárphointe teannais)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cén fáth ar tharla Éirí Amach san Ungáir + cén fáth ar thug an tAontas Sóivéadach céimeanna chun é a bhrú faoi chois)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: BEIRT le roghnú as TRIÚR
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945 1990**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cúiseanna + iarmhairtí)
Mura bhfuil ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cúiseanna coimhlinte + conas a tháinig Iosrael slán)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945 1989**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné ar a laghad (sa bhaile + thar lear)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ thír (na Stáit Aontaithe + Vítneam)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60 Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (spástaisteal + teicneolaíocht na faisnéise)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# ARDLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar agus teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith*** **=** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***lag*** = 0-1 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc – Mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

### *Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD BHUNAITHE (CDB) (100 marc)***

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) Ba cheart iad a threascairt go hiomlán agus na seandlíthe ina ndéileáiltear leo a chur i bhfeidhm arís.
5M

(b) Téann siad chuig naimhde an Rí sa Pháil agus déanann siad a gcuid éagóracha a cheiliúradh mar ghníomhartha gaisce. 5M

(c) Aon fhear óg as teaghlaigh Ghaelacha/atá síolraithe ó Ó agus Mac.
5M

(d) Tiomáineadh chun siúil iad. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tugtar le tuiscint sa dá dhoiciméad gur daoine achrannacha iad na filí gairmiúla. Luaitear i ndoiciméad A go dtéann siad, in éineacht le daoine eile, chuig naimhde an Rí sa Pháil ag ceiliúradh, i rannta (i ndánta), a gcuid sracaí mar ghníomhartha gaisce, ag cothú meon Éireannach iontu.

Luaitear i ndoiciméad B go ndéanann na filí gairmiúla an-dochar do leas an phobail. Tacaíonn siad leis na reibiliúnaigh agus spreagann siad an choiriúlacht ina measc sin a bheadh dílis murach iad. Bailíonn siad baicle le dul isteach chuig sráidbhailte agus tarraingíonn siad clampar ar thithe agus ar fheirmeacha na mbocht. Ina dhiaidh sin ar fad faigheann siad luach saothair as ucht leas an phobail a scrios agus as diamhasla.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc

Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M
Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

(b) Is go bocht a fheictear iompar mhuintir na hÉireann sa dá dhoiciméad. Iarrtar i ndoiciméad A go ngearrfaí forlámhas dian an dlí ar na hÉireannaigh fhiáine. Goidfidh siad earraí sóchais fiú ó shéipéal ar a mbealach chuig féasta. Seans go bhfuil doiciméad B níos láidre sa cháineadh a dhéantar ar na hÉireannaigh. Deirtear ann go gcuireann filí faoi deara do dhaoine eile iompú ar ghadaíocht, sracaireacht agus dúnmharú. Cumann siad rannta chun gníomhartha dúnmharfóirí,

coirloisceoirí agus éigneoirí a cheiliúradh, is cuma má tharla siad nó nár tharla. Déanann siad ruathair agus ransaí ar bhailte bochta.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M
Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is é an laige go bunúsach ná gur Sasanaigh a scríobh an dá dhoiciméad le haghaidh Sasanach. Tugann siad drochléargas amach is amach ar mhuintir na hÉireann. I ndoiciméad A déantar cur síos ar an "aicme léannta, cláirseoirí, rannairí (filí gairmiúla) agus croiniceoirí", an uasaicme oilte agus éirimiúil, mar dhream a dhéanann gníomhartha gaisce naimhde an Rí a cheiliúradh i rannta (i ndánta). Seo ó litir chuig Rúnaí an Rí, mar sin is féidir linn a bheith cinnte go maith go ndeachaigh an tuairisc seo chomh fada le hAnraí VIII.

Déantar cur síos ar na hÉireannaigh freisin i ndoiciméad B, agus go háirithe na filí, mar cheannaircigh a bhíonn ag gabháil do gach cineál coiriúlachta agus a spreagann é. Deirtear go bhfuil an chlann mhac i dteaghlaigh Ghaelacha saonta, agus go gcreidfidís rud ar bith. Tríd is tríd tugtar íomhá dhiúltach de na hÉireannaigh do lucht féachana Sasanach sna doiciméid seo go léir agus d'fhéadfadh an staraí féachaint orthu, dá bhrí sin, mar dhoiciméid atá claonta agus leataobhach.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

(b) Faighimid amach go rabhthas ag iarraidh go láidir i ndoiciméad A dlíthe, teanga agus nósanna Shasana a leagan síos in Éirinn. Bhí naimhde ag an Rí in Éirinn, fiú taobh istigh den Pháil. Cé gur léiríodh na filí mar lucht spreagtha baicle, is léir freisin gur bhain siad le haicme shóisialta agus intleachtúil ar leith.

Insítear dúinn i ndoiciméad B gur bhain na filí leas a gcuid buanna chun éachtaí, fíor nó cumtha, teaghlach áirithe Gaelach a mholadh go hard agus gur bhain siad luach saothair as sin. Chomh maith leis sin, tar éis dóibh slad a dhéanamh ar bhailte feirme, fuair na filí a sciar féin den chreach.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

*4. Comhthéacsúchán (40 marc)*

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.
**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc **Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**
Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt. Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Go dona:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Go lag:*** 2-3 mharc
***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***Roinn 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

(i) Réamhrá oiriúnach ag tabhairt an eolais chúlra agus/nó ag sainmhíniú na dtéarmaí agus ag míniú an chuir chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)
Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| **Go dona:** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, e.g. tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Go lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***Go han-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

<u>Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cúiseanna + torthaí ar an éirí amach i gCúige Mumhan)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an ghné reiligiúnach a chur chun cinn + cé chomh maith agus a d'éirigh leis)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (naimhde Wentworth + a thurnamh)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (feachtas míleata + an tionchar ar Éirinn)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

1. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

2. Uas. MC = 60
Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uas. MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uas. MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cúiseanna leis an éirí amach + conas a cuireadh faoi chos é)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)*

<u>Freagair ceist amháin ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Athbheochan + Reifirméisean)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609-1660

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (bunú impireachtaí + an tionchar ar an Ísiltír)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

TABHAIR FAOI DEARA: TRÍ ghné (cén fáth ar tugadh os comhair na Cúistiúnachta é? + conas a caitheadh leis + cén fáth ar éirigh an cás sin chomh cáiliúil)
Mura dtugtar ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (nua-aoisiú na Rúise + fairsingiú teorainneacha)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (sóisialta agus eacnamaíoch + smaointe polaitíochta)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (Na hIndiacha Thiar + coda eile den domhan)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1715-1775**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (cúiseanna le réabhlóid + Coiste na Slándála Poiblí)
   Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (talmhaíocht + tionsclaíocht)

Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40
TABHAIR FAOI DEARA: DHÁ ghné (an Fhrainc + an Eoraip in aimsir Napoléon)
Mura dtugtar ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
Uasmhéid MG = 40

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán